ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

ARDOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN BUAN (OIFIGEACH SAORÁLA FAISNÉISE) AG TEASTÁIL

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is í an reachtaíocht atá ag tacú leis an Údarás, Acht Uchtála, 2010.

Is é seo a leanas ár misean, "A chinntiú go bhfuil seirbhísí a bhaineann le huchtáil á gcur ar fáil ag an gcaighdeán is airde agus is féidir, trí phróiseas uchtála ar feadh an tsaoil, agus tús áite a thabhairt do leas is fearr leanaí"

Tá fás suntasach ag teacht ar AAI agus tá sé ag glacadh le feidhmeanna nua agus breise mar thoradh ar Reachtaíocht nua a bhaineann le Faisnéis Bhreithe agus Rianú.

Is mian le AAI Ardoifigeach Feidhmiúcháin buan a cheapadh, a bheidh bunaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Beidh deis ag an té a cheapfar tairbhe a bhaint as obair chumaisc ag brath ar na cineálacha dualgas a bheidh le comhlíonadh.

Is é cuspóir an róil feidhmiú mar Oifigeach SF d'Údarás Uchtála na hÉireann, forbairt beartas agus próisis chinnteoireachta a bhaineann le SF a threorú agus a bhainistiú, agus oiliúint agus tacaíochtaí leanúnacha don eagraíocht a fhorbairt agus a éascú d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh. Chomh maith leis sin, oibreoidh an t-iarrthóir rathúil mar Oifigeach Athbhreithnithe i ndáil le hiarratais a fhaightear ó Dhaoine Iomchuí faoi Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú (BIT), 2022. Beidh cothromaíocht á cinntiú idir an dá thacar dualgas seo ag brath ar an líon iarratas SF agus Athbhreithnithe BIT a bhíonn taiscthe leis an Údarás ag am ar leith.

Tá scála tuarastail an Ardoifigigh Feidhmiúcháin cothrom le idir €53,955 - €67,951 sa bhliain (lena n-áirítear dhá incrimint fhadtéarmacha) le haghaidh seachtain oibre 35 uair an chloig.

Tabhair faoi deara go mbeidh an pá tosaigh cothrom le híosphointe an scála de réir Chiorclán E100/8/82 ón Rialtas. D'fhéadfadh imthosca eisceachtúla a bheith ag baint le hiarrthóirí a bhí ag obair sa tSeirbhís Shibhialta/sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

Saoire Bhliantúil: 29 lá sa bhliain bunaithe ar sheachtain cúig lá agus tá laethanta saoire poiblí san áireamh.

Tairgeann Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochair iontach lena n-áirítear scéim pinsin ranníocach agus an deis tabhairt faoi bhreisoiliúint agus forbairt.

Spriocdháta: 12 Meán Lae An 31 Bealtaine 2023

Tabhair faoi deara, ainneoin go mb'fhéidir go mbeadh ceanglais incháilitheachta an chomórtais á gcomhlíonadh ag iarrthóirí, táthar ag súil, bunaithe ar an líon daoine a dhéanfaidh iarratas ar an bpost, nach mbeidh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh.